# CIGIREACHT BHUNSCOILE 2014-15



An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

## Bunscoil Naomh Bríd, Tír Chiana, Machaire Rátha, Co Dhoire

Tuairisc Chigireachta Feabhra 2015

The Education and Training Inspectorate - Promoting Improvement

Providing Inspection Services for

Department of Education
Department for Employment and Learning
Department of Culture, Arts and Leisure

**Téarmaí cainníochtúla**

Sa tuairisc seo, d'fhéadfaí cur síos ar choibhnis ina gcéatadáin, ina gcodáin choiteanna agus i dtéarmaí cainníochtúla níos ginearálta. Nuair a úsáidtear téarmaí níos ginearálta, ba chóir iad a léirthuiscint mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Beagnach gach | - | níos mó na 90% |
| An chuid is mó | - | 75%-90% |
| Formhór | - | 50%-74% |
| Mionlach suntasach | - | 30%-49% |
| Mionlach | - | 10%-29% |
| An-bheagán | - | níos lú ná 10% |

**Leibhéil feidhmíochta**

Baineann an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (ETI) feidhm as na leibhéil feidhmíochta seo a leanas ina cuid tuairiscí:

| TÁSCAIRE |
|---|
| Ar fheabhas |
| An-mhaith |
| Go maith |
| Sásúil |
| Easnamhach |
| Míshásúil |

# Clár an Ábhair


| Mír | | Lch. |
|---|---|---|
| 1. | Modh cigireachta agus bonn fianaise | 1 |
| 2. | Fócas na cigireachta | 1 |
| 3. | Comhthéacs | 1 |
| 4. | Torthaí foriomlána na Cigireachta | 2 |
| 5. | Gnóthachtáil agus caighdeáin | 2 |
| 6. | Soláthar | 3 |
| 7. | Ceannasaíocht agus bainistíocht | 4 |
| 8. | Conclúid | 5 |
| | Aguisín | |

## 1. Modh cigireachta agus bonn fianaise

Tá na buncheisteanna agus táscairí cáilíochta trína dtreoraítear cigireacht agus féinmheasúnú bunscoileanna, ar baineadh feidhm astu sa chigireacht seo, ar fáil san fhoilseachán de chuid na Cigireachta Oideachais agus Oiliúna (COO) dar teideal *Together Towards Improvement: a process for self-evaluation/Le Chéile i dTreo an Fheabhsúcháin: próiseas le haghaidh féinmheasúnaithe* ag: http://www.etini.gov.uk/index/together-towards-improvement/together-towards-improvement-primary.htm.

Bhreathnaigh cigirí teagasc agus foghlaim, scrúdaigh siad cáipéisíocht agus obair scríofa na bpáistí agus chuaigh siad i gceann plé, idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, le páistí, le múinteoirí agus le baill foirne ar a bhfuil freagrachtaí sainiúla.

I measc na socruithe le haghaidh na cigireachta seo bhí:

- cruinniú le hionadaithe de chuid na ngobharnóirí;
- cruinnithe le grúpaí de pháistí; agus
- deis do thuismitheoirí, baill foirne teagaisc agus baill foirne tacaíochta ceistneoir rúnda a chomhlánú.

D'fhreagair dó dhéag faoin chéad de na tuismitheoirí na ceistneoirí tuismitheora agus léiríodh ardsásamh i mbeagnach gach freagairt leis an chuid is mó de na gnéithe de shaol agus obair na scoile. Dhírigh na tuismitheoirí aird ar chúram na foirne agus ar an dul chun cinn a bhí a gcuid páistí a dhéanamh ina bhfoghlaim agus ina bhforbairt fhoriomlán. Chomhlánaigh an chuid is mó den fhoireann (teagaisc agus neamhtheagaisc) ceistneoirí agus bhí beagnach gach freagairt dá gcuidsean dearfach fosta. Le linn plé leis na gobharnóirí, chuir siad in iúl a mbuíochas as an obair chrua agus as dúthracht an phríomhoide agus na foirne agus an tábhacht atá le naisc éifeachtacha na scoile leis an phobal áitiúil. Thuairiscigh COO na príomhthorthaí agus aon cheist a ardaíodh sna ceistneoirí agus sa phlé, leis an phríomhoide agus le hionadaithe de chuid bhord na ngobharnóirí.

## 2. Fócas na cigireachta

Is ar na nithe seo a leanas a bhí fócas na cigireachta:

1. gnóthachtáil agus caighdeáin na bpáistí sa litearthacht agus san uimhearthacht, go háirithe, mar a thugann an scoil faoin tearcghnóthachtáil nuair is infheidhme;
2. cáilíocht sholáthar na litearthachta (Gaeilge san áireamh) agus na huimhearthachta sa scoil; agus
3. cáilíocht na ceannasaíochta agus na bainistíochta.

## 3. Comhthéacs

Tá an líon rolla ag méadú de réir a chéile le ceithre bliana anuas go dtí 183, lena n-áirítear 110 páiste san Aonad Gaelscolaíochta; as an cheantar máguaird bunús na bpáistí. Ag an am a ndearnadh an chigireacht, bhí 19% de na páistí i dteideal béilí saora scoile (TBSS) agus bhí 18% de na páistí aitheanta ag an scoil mar dhaltaí a bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth orthu le gnéithe dá bhfoghlaim. Le linn na cigireachta, bhí roinnt múinteoirí sealadacha ag obair sa scoil.

| Bunscoil Naomh Bríd, Tír Chiana | 2011/12 | 2012/13 | 2013/14 | 2014/15 |
|---|---|---|---|---|
| Líon Rolla | 161 | 165 | 180 | 183 |
| % Tinreamh (Meán TÉ) | 95.6% | 95.0% | 96.0% | - |
| Céatadán TBSS [1] | 18.0% | 19.0% | 24.0% | 19.0% |
| % (Líon) páistí ar chlár SRO | 24.0% | 22.0% | 16.0% | 18.0% |
| Líon páistí a bhfuil ráitis riachtanais oideachais acu | * | * | * | * |
| Líon daltaí nuathagtha | * | * | * | * |

***Foinse:*** sonraí atá ag an scoil.
* níos lú ná 5

## 4. Torthaí foriomlána na cigireachta

| **Leibhéal Foriomlán Feidhmíochta** | **Go maith** |
|---|---|
| **Gnóthachtáil agus Caighdeáin** | **An-mhaith** |
| **Soláthar** | **Go maith** |
| **Ceannasaíocht agus Bainistíocht** | **Go maith** |
| **Aonad Gaelscolaíochta** | **Go maith** |

## 5. Gnóthachtáil agus Caighdeáin

- Ón chéim is luaithe, is foghlaimeoirí cairdiúla, díograiseacha, rannpháirteacha iad na páistí a léiríonn go bhfuil siad bródúil as a bpobal scoile; bíonn cumarsáid dhearfach acu lena bpiaraí, leis an fhoireann agus le cuairteoirí. Téann siad go réidh i mbun na ngníomhaíochtaí a thugann a múinteoirí dóibh agus tugann siad tacaíocht dá chéile agus iad ag obair. Léiríonn siad scileanna maithe obair bhuíne i dtascanna beirte agus grúpa. Labhraíonn beagnach gach páiste go dúthrachtach agus go haibí faoina bhfoghlaim agus míníonn siad a gcuid smaointeoireachta go maith. Tá iompraíocht na bpáistí go heiseamláireach.

- De réir eolas agus shonraí inmheánacha na scoile, i dtaca leis an litearthacht (Gaeilge agus Béarla) agus an mhatamaitic de, tá beagnach gach páiste Eochairchéim 2 ag gnóthú ar aon dul lena gcumas nó níos fearr ná mar a bheifí ag súil leis agus tá ag éirí go maith leo ina gcuid foghlama. Tá an chuid is mó de na páistí a mbíonn tacaíocht bhreise de dhíth orthu le gnéithe dá bhfoghlaim ag dul chun cinn de réir a gcumais fosta agus faoi dheireadh Ech. 2, bíonn ag éirí go maith leis an chuid is mó acu.

- I ngach cuid de Bhunscoil Naomh Bríd, Tír Chiana, léiríonn na páistí leibhéil arda inniúlachta sa labhairt agus éisteacht agus déanann siad cumarsáid éifeachtach lena bpiaraí agus le daoine fásta agus iad ag plé a gcuid foghlama. Faoi Bhliain 7, is léitheoirí líofa iad na páistí is cumasaí agus iad ábalta ionbhá a léiriú le carachtair agus an t-ábhar atá siad a léamh a phlé. Scríobhann formhór na bpáistí ar dhóigh shoiléir, eagraithe, cuireann siad a gcuid oibre i láthair ar ardchaighdeán agus déanann siad a gcuid oibre a phleanáil, a dhréachtú agus a chur in eagar do réimse leathan spriocléitheoirí. Lena chois seo, gnóthaíonn na

[1] Tagraíonn an téarma 'Céatadán TBSS' do chéatadán na ndaltaí atá i dteideal béilí saora scoile.

páistí san aonad Gaelscolaíochta leibhéil arda délitearthachta. Bhí a scileanna sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon dea-fhorbartha agus tá siad solúbtha in úsáid an dá theanga i réimse leathan de chomhthéacsanna.

- Sa mhatamaitic, cuireann na páistí a scileanna smaointeoireachta i bhfeidhm go haibí lena chur ar a gcumas roghanna agus cinntí a dhéanamh ina bhfoghlaim mhatamaiticiúil agus leis na straitéisí áirimh a bhíonn in úsáid acu a mhíniú. Tá straitéisí dea-fhorbartha matamaitice ó mheabhair ag na páistí a mbaineann siad feidhm astu le tacaíocht mhaith a thabhairt dá bhfoghlaim agus dá smaointeoireacht mhatamaitice. Faoi Bhliain 7, tá eolas maith oibre ag na páistí is cumasaí ar chroíchoincheapa i ngach réimse de churaclam na matamaitice. Tig leo ríomh, idir shimplí agus níos casta, a láimhseáil go hinniúil agus tá siad sciliúil, muiníneach agus solúbtha ina gcuid smaointeoireachta matamaiticiúla.

## 6. Soláthar

- Sa chleachtas is éifeachtaí, sa chuid is mó de na ceachtanna a breathnaíodh, bhí ardionchais ag na múinteoirí faoina dtiocfadh leis na páistí a ghnóthú, bhí meaitseáil mhaith idir na gníomhaíochtaí foghlama agus riachtanais na bpáistí agus bhí luas, dúshlán agus dul chun cinn cuí iontu. Sna ceachtanna seo, bhain na múinteoirí feidhm as ceistiú éifeachtach neamhiata le smaointeoireacht na bpáistí a shíneadh agus a dtuiscint a dhoimhniú. Sna ceachtanna nach raibh chomh héifeachtach céanna, dhírigh na gníomhaíochtaí pleanáilte go mór ar fhoghlaim a rinneadh cheana a athdhaingniú agus níor leor an síneadh ar smaointeoireacht na bpáistí.

- Tá an fhoghlaim agus an teagasc sa litearthacht agus san uimhearthacht faoi threoir forbhreathnuithe iomlán scoile trína gcinntítear go gcumhdaítear gach réimse curaclaim; Is cuí mar a shainaithin na comhordaitheoirí an gá atá leis na forbhreathnuithe seo a chur in oiriúint agus a shainscagadh le bheith ag teacht le comhthéacs uathúil na scoile seo agus le dul chun cinn a chinntiú do gach páiste. Oibríonn na múinteoirí i gcomhpháirt in eochairchéimeanna le pleanálaithe gearrthréimhseacha a fhorbairt don litearthacht agus uimhearthacht; sa chleachtas is fearr, is maith mar a threoraíonn na pleanálaithe seo an fhoghlaim agus an teagasc. Is tábhachtach feasta don scoil an phleanáil a fhorbairt a thuilleadh i ngach réimse curaclaim le gur mó an chomhsheasmhacht a bheas sa cháilíocht soláthair do gach páiste. Sa chleachtas is fearr san aonad Gaelscolaíochta, baineann na múinteoirí feidhm as straitéisí éifeachtacha tumoideachais le cumas teanga na bpáistí a fhorbairt a thuilleadh, sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon, agus lena dtuiscint ar thopaicí éagsúla trasna an churaclaim a leathnú. Tá sealbhú agus úsáid na teanga matamaitice dea-fhorbartha ag na páistí de thoradh na ndeiseanna agus na n-eispéireas foghlama a thairgtear sa seomra ranga, an tionscnamh deilíneach matamaitice san áireamh.

- Is maith mar a dhéantar tosaíocht ar fud na scoile de sholáthar do pháistí a bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth orthu le gnéithe dá bhfoghlaim. Baintear úsáid éifeachtach as eolas ó mheasúnuithe le heolas a thabhairt do mhúinteoirí ar riachtanais páistí aonair. Tugtar tacaíocht mhaith do na páistí sa rang agus trí rannpháirtíocht gníomhaireachtaí bainteacha seachtracha. Sa chleachtas is fearr, déantar monatóireacht agus measúnú sa rang agus trí thrialacha caighdeánaithe le dul chun cinn a chinntiú. Ar fud na scoile, is tábhachtach mar a chuireann na cúntóirí ranga le foghlaim agus folláine na bpáistí.

- Marcálann na múinteoirí obair na bpáistí go rialta agus go dearfach. Sa chleachtas is fearr, cuireann na múinteoirí in iúl do na páistí cén dóigh a dtig leo a gcuid oibre a fheabhsú a thuilleadh trí threoir dhea-fhócasaithe, idir scríofa agus ó bhéal agus tugann siad deiseanna bríocha do na páistí le haghaidh féin- agus piarmheasúnaithe. San iomlán, is gá don fhoireann na straitéisí mheasúnú i gcomhair na foghlama a fheidhmiú níos comhsheasmhaí i ngach cuid den scoil.

- Tá cáilíocht an-mhaith i soláthar chúram tréadach na bunscoile. Ar a chuid tréithe, mar shampla, tá an t-éiteas fáilteach, cuimsitheach, aireach agus an réimse leathan de dheiseanna foghlama seach-churaclaim a fheabhsaíonn cáilíocht eispéiris foghlama na bpáistí agus a chuireann go suntasach lena bhforbairt phearsanta.

- Is maith mar a chuireann an scoil bia folláin agus gníomhaíocht fhisiciúil chun cinn, rud a spreagann na páistí le nósanna folláine maireachtála a bheith acu. Mar shampla, spreagtar na páistí le sult a bhaint as smailceacha cothaitheacha agus a bheith páirteach i réimse de spóirt éagsúla.

**7. Ceannasaíocht agus bainistíocht**

- Tá eolas agus tuiscint dhea-fhorbartha ag an lucht ceannasaíochta agus bainistíochta ar riachtanais gach páiste agus ar chomhthéacs na scoile sa phobal áitiúil. Oibríonn an fhoireann ar fad i gcomhpháirt le feabhsúcháin a bhaint amach i ngach gné den soláthar, ag díriú ar fhreastal ar riachtanais na bpáistí agus a ngnóthachtáil ina hiomláine a fheabhsú a thuilleadh.

- Is cuí go bhfuil an scoil ag forbairt próisis níos daingne faoi choinne féinmheasúnachta le réimsí forbartha a shainaithint, lena n-áirítear dul i gcomhairle le baill foirne, le tuismitheoirí agus le páistí agus an anailís ar shonraí inmheánacha measúnaithe. Is den tábhacht go ndéanfaidh an fhoireann na próisis feabhsúcháin a dhaingniú anois agus, go háirithe, straitéisí níos stóinsithe a fhorbairt le monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar thionchar na mbeart feabhsúcháin ar an fhoghlaim agus teagasc agus ar na caighdeáin a ghnóthaíonn na páistí.

- Tá socruithe fóirsteanacha forbartha ag an scoil le cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí agus tá naisc éifeachtacha oibre aici le réimse de scoileanna áitiúla eile, leis an phobal áitiúil agus le gníomhaireachtaí éagsúla seachtracha chun deiseanna foghlama na bpáistí a fheabhsú a thuilleadh.

- Téann na gobharnóirí, a ceapadh ar na mallaibh, i gceann a gcuid ról ar bhonn tacúil agus tá siad i bhfách lena dtuiscint ar na dúshláin agus na deiseanna atá roimh an scoil a fhorbairt a thuilleadh. Bunaithe ar an fhianaise a cuireadh i láthair le linn na cigireachta, is é measúnú COO gur féidir muinín a chur sna gnéithe den rialachas a measúnaíodh. Tá gnéithe den rialachas atá le hathbhreithniú agus le forbairt; go sainiúil, go gcuirfidh na gobharnóirí lena gcuid eolais ar fhorbairtí i gcéim na bunscolaíochta.

- Bunaithe ar an fhianaise a bhí ar fáil le linn na cigireachta, tá socruithe cuimsitheacha ag an scoil le páistí a chosaint. Tá na socruithe seo ar aon dul leis an treoir a d'eisigh an Roinn Oideachais. Le linn na cigireachta, bhuail na cigirí le grúpaí páistí as rang 6. Le linn an phlé, mhol na páistí go hard an tacaíocht a fhaigheann siad ó na múinteoirí agus na gnéithe éagsúla cultúrtha, spórtúla agus sóisialta de shaol na scoile a mbaineann siad sult astu. Thuairiscigh siad go mothaíonn siad sábháilte agus go mbítear ag tabhairt aire dóibh ar scoil agus tá a fhios acu cad é atá le déanamh má bhíonn rud ar bith ag cur imní orthu i dtaca lena sábháilteacht nó folláine de.

## 8. Conclúid

Sna réimsí a ndearnadh cigireacht orthu, tá soláthar an oideachais a sholáthraíonn an bhunscoil go maith. Tá buanna tábhachtacha ag an scoil sa chuid is mó dá soláthar oideachais agus tréadach. Tá réimsí le haghaidh feabhsúcháin sainaitheanta ag an chigireacht ar léirigh an scoil go bhfuil sé d'acmhainn aici tabhairt fúthu.

Déanfaidh an Chigireacht Oideachas agus Oiliúna monatóireacht, trí bhearta cigireacht cheantair, ar dhul chun cinn na scoile sna réimsí le haghaidh feabhsúcháin.

**AGUISÍN**

**Sláinte agus Sábháilteacht**

1. Chuir Bord Oideachais agus Leabharlann an Oir-Thuaiscirt athbhreithniú i gcrích ar na mallaibh ar shocruithe rochtana agus slándála na scoile. Is gá moltaí an athbhreithnithe, a n-áirítear leo, mar shampla, suiteáil fálú imeallach agus socruithe feabhsaithe bealach isteach chuig an fháiltiú, a dhéanamh ar bhonn práinne, le tabhairt faoi na rioscaí a ghabhann leo ó thaobh shláinte agus shábháilteacht na bpáistí de.

© CROWN COPYRIGHT 2015

This report may be reproduced in whole or in part, except for commercial purposes or in connection with a prospectus or advertisement, provided that the source and date thereof are stated.

Copies of this report are available on the ETI website: www.etini.gov.uk